Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10342/22**

**EF 169**
**ECOFIN 626**
**DELACT 91**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3590 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.6.2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 tríd an nós imeachta chun mionsonraí na ndíorthach a rochtain chomh maith leis na socruithe teicniúla agus oibríochtúla maidir lena rochtain a shonrú a thuilleadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3590 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 3590 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2022
C(2022) 3590 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.6.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 tríd an nós imeachta chun mionsonraí na ndíorthach a rochtain chomh maith leis na socruithe teicniúla agus oibríochtúla maidir lena rochtain a shonrú a thuilleadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (REFIT EMIR) agus lena thugtar isteach roinnt cumhachtuithe le haghaidh ESMA chun caighdeáin theicniúla chur chun feidhme agus rialála a bhaineann le creat tuairiscithe faoi EMIR a fhorbairt.

Ceanglaítear le hAirteagal 81(5) den rialachán sin ar ESMA caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir leis na sonraí atá le foilsiú agus le cur ar fáil ag na stórtha trádála do na húdaráis ábhartha.

Rinne REFIT EMIR ailíniú ar na ceanglais dlíthiúla a bhaineann leis na téarmaí agus na coinníollacha chun rochtain a dheonú ar shonraí faoi EMIR agus Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide[1]. Tugadh aghaidh sa ghné sin ar shaincheist sheanbhunaithe maidir leis an rochtain ar shonraí do stórtha trádála aonair. Chuir roinnt de na stórtha trádála doiciméadacht chonarthach i bhfeidhm agus, i gcásanna áirithe, tharla moill mhíchuí mar gheall air sin nó níorbh fhéidir fiú sonraí a rochtain ó roinnt údarás a bhí faoi thoirmeasc comhaontuithe dlíthiúla a shíniú le haon chineál eintiteas faoi mhaoirseacht.

Tabharfar aghaidh sna leasuithe atá beartaithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 ar an tsaincheist thuasluaite.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

***Gnéithe nós imeachta***

Rinne ESMA comhairliúchán poiblí ar a dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus chur chun feidhme idir an 26 Márta 2020 agus an 3 Iúil 2020. Fuair ESMA 41 fhreagra ón bpobal agus 10 bhfreagra rúnda san iomlán.

***Dearcadh na ngeallsealbhóirí***

Mhol ESMA ina chomhairliúchán poiblí go gcuirfí foráil shonrach ar áireamh sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir leis na leibhéil rochtana lena saineofaí an nós imeachta beacht agus uileghabhálach chun rochtain a dheonú ar shonraí. Ba cheart a áirithiú leis an gcleachtadh comhchuibhithe a dhéanfaí go seachnófaí le cur i bhfeidhm na bhforálacha beartaithe difríochtaí ar fud an Aontais agus go mbainfí an sprioc chéanna amach ar fud an limistéir. I measc na dtéarmaí agus na gcoinníollacha le haghaidh rochtain sonraí tá nós imeachta chun na sonraí a rochtain chomh maith leis na socruithe teicniúla agus oibríochtúla chun na sonraí a rochtain ag glacadh leis go gceanglaítear an rochtain ar shonraí faoi EMIR. Níor cheart don stór trádála aon doiciméadacht bhreise a éileamh ar an údarás cé is moite de na teimpléid agus na táblaí chun an rochtain ábhartha ar shonraí a shuí.

Tar éis dó an t- aiseolas a fháil, rinne ESMA measúnú ar an bhfaisnéis a fuarthas agus mhodhnaigh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chríochnaitheacha i gcás inarb ábhartha (e.g. bhain ESMA an ceanglas maidir le liosta d'úsáideoirí údaraithe a sholáthar faoi EMIR).

[1] IO L 337, 23.12.2015, lgh. 1–34.

## 3. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Ní dhearna an Coimisiún measúnú tionchair mionsonraithe ar na caighdeáin theicniúla rialála atá beartaithe ach tá a mheasúnú bunaithe ar anailís costais agus tairbhe ESMA a áiríodh ina Thuarascáil Deiridh.

Rinne agus d'fhoilsigh an Coimisiún anailís cheana ar na príomhchinntí beartais maidir leis an togra reachtach a spreag Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Leis na caighdeáin theicniúla atá beartaithe réiteofar na deacrachtaí a bhaineann leis an rochtain ar shonraí a thugann eintitis ábhartha do stórtha trádála aonair i ngeall ar a laghad comhchuibhithe a dhéantar ar nósanna imeachta i measc stórtha trádála an Aontais. Ar bhonn gearrthréimhseach, leis na modhnuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 measfar gurb ionann iad agus costais do na stórtha trádála, ach is mó na buntáistí ná na costais sin áfach. Thairis sin, tá ESMA ag moladh amlíne cur chun feidhme, rud ba cheart a chuideodh le himpleachtaí na gcostas a mhaolú.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 le hAirteagal 1 maidir le conas, cathain agus cé dó ba cheart do stórtha trádála rochtain a dheonú ar mhionsonraí na ndíorthach.

Leagtar amach in Airteagal 2 teacht i bhfeidhm an rialacháin tharmligthe agus leagtar amach cur i bhfeidhm moillithe de 18 mí ann maidir leis na ceanglais ar an gcineál sonrach rochtana d'eintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de EMIR.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.6.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 tríd an nós imeachta chun mionsonraí na ndíorthach a rochtain chomh maith leis na socruithe teicniúla agus oibríochtúla maidir lena rochtain a shonrú a thuilleadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála[2], agus go háirithe Airteagal 81(5), an ceathrú fomhír, i gcomhar le hAirteagal 81(5), an chéad fhomhír, pointe (d), de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun comparáid agus comhiomlánú éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar shonraí, ba cheart do stórtha trádála úsáid a bhaint as teimpléid i bhformáid XML agus as teachtaireachtaí XML arna bhforbairt i gcomhréir le modheolaíocht ISO 20022 maidir le rochtain a dheonú ar mhionsonraí na ndíorthach agus chun cumarsáid a dhéanamh leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Níor cheart dó sin cosc a chur ar stórtha trádála agus ar eintitis ábhartha ó aontú formáidí seachas XML a úsáid chun rochtain ar mhionsonraí na ndíorthach a chur in iúl nó a sholáthar.

(2) Na mionsonraí sna díorthaigh a thuairiscítear arna gcur ar fáil ag stórtha trádála i dteimpléid fhormáid XML arna bhforbairt i gcomhréir le ISO 20022 do na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart an fhaisnéis chéanna a bheith iontu leis an bhfaisnéis arna soláthar ag na contrapháirtithe, na heintitis atá freagrach as tuairisciú agus ag eintitis a chuireann tuarascáil isteach, de réir mar is infheidhme.

(3) Maidir leis an bhfaisnéis ar cheart d'eintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bheith in ann a rochtain, ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin mionsonraí na ndíorthach arna ndiúltú ag na stórtha trádála nó mionsonraí na ndíorthach ar ghlac siad leo, ach ar eisigh siad rabhadh ina leith chomh maith leis na mionsonraí tar éis an próiseas réitigh le haghaidh díorthach a chur i gcrích, díorthaigh dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún[3].

---

2 IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

3 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála lena

(4) I gcás inar ghlac an Coimisiún le gníomh cur chun feidhme lena gcinntear go gcomhlíonann creat dlíthiúil tríú tír na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 76a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart do stór trádála rochtain a dheonú ar na sonraí d'údarás ábhartha an tríú tír sin, agus sainordú agus freagrachtaí údarás an tríú tír á gcur san áireamh.

(5) Chun cur chuige caighdeánaithe agus comhchuibhithe a áirithiú maidir le mionsonraí na ndíorthach a rochtain agus chun an t- ualach riaracháin a laghdú ar na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus ar na stórtha trádála araon, is iomchuí cúraimí na stórtha trádála maidir le rochtain a dheonú ar mhionsonraí na ndíorthach a shonrú a thuilleadh. Ba cheart do na stórtha trádála duine a ainmniú a bheidh freagrach as teagmháil a dhéanamh leis na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart dóibh freisin na treoracha do na heintitis sin a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin, agus míniú a thabhairt ar conas rochtain ar na sonraí arna sealbhú ag an stór trádála a iarraidh. Ina theannta sin, chun iarrataí ó na heintitis sin ar rochtain ar na sonraí ábhartha a éascú, ba cheart do stórtha trádála foirm chaighdeánaithe a ullmhú a chuideodh leis na heintitis sin an fhaisnéis a sholáthar do na stórtha trádála a thabharfadh caoi dóibh na ceanglais maidir le rochtain ar na sonraí a shuí. Ar deireadh, ba cheart do na stórtha trádála na socruithe teicniúla is gá a bhunú d'eintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun mionsonraí na ndíorthach arna dtuairisciú a rochtain.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 151/2013[4] ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais.

(8) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(9) Chun dóthain ama a thabhairt do chontrapháirtithe agus do stórtha trádála chun dul in oiriúint do na ceanglais nua faoi [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*], ba cheart dáta chur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann leis na réimsí nua sonraí a chur siar,

---

sonraítear mionsonraí an iarratais ar chlárú mar stór trádála Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE, IO L 52, 23.2.2013, lch. 25.

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála, i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na sonraí atá le foilsiú agus le cur ar fáil ag na stórtha trádála agus na caighdeáin oibríochtúla maidir leis na sonraí a chomhiomlánú, comparáid a dhéanamh ar na sonraí agus iad a rochtain (IO L 52, 23.2.2013, lch. 33).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
***Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013***

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 151/2013 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*'Airteagal 2*
***Rochtain a dheonú ar mhionsonraí na ndíorthach***

1. Cuirfidh stór trádála mionsonraí na ndíorthach ar fáil go díreach agus láithreach, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Rialachán seo, do na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, lena n- áirítear i gcás gurb ann do shocruithe tarmligthe faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Chun críocha na chéad fomhíre, bainfidh an stór trádála úsáid as an bhformáid XML agus as an teimpléad a forbraíodh i gcomhréir le modheolaíocht ISO 20022.

2. Áiritheoidh stór trádála go mbeidh na sonraí seo a leanas ar áireamh sna mionsonraí ar shonraí idirbhirt maidir le díorthaigh arna ndéanamh inrochtana do na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcomhréir leis an Airteagal seo agus de bhun na n- amlínte a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 den Rialachán seo:

(a) na tuarascálacha maidir leis na díorthaigh arna dtuairisciú i gcomhréir le Táblaí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3589*]*, lena n- áirítear staideanna trádála is déanaí na ndíorthach gan íoc dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do *C(2022) 3588]*;

(b) mionsonraí ábhartha na dtuarascálacha ar dhíorthaigh, a dhiúltaigh an stór trádála nó ar thug sé rabhadh ina leith le linn an lae oibre roimhe sin agus na cúiseanna gur dhiúltaigh nó gur thug sé rabhadh mar a shonraítear i [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*] **;

(c) stádas réitigh na ndíorthach uile arna dtuairisciú dá ndearna an stór trádála an nós imeachta réitigh i gcomhréir le hAirteagal 3 de [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3589*].

3. Soláthróidh stór trádála do na heintitis ag a bhfuil roinnt freagrachtaí nó sainorduithe faoi Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 pointe rochtana aonair ar na díorthaigh a chumhdaítear leis na freagrachtaí agus na sainorduithe sin.

4. Soláthróidh stór trádála rochtain don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar na sonraí idirbhirt uile maidir le díorthaigh chun inniúlachtaí a fheidhmiú i gcomhréir lena fhreagrachtaí agus lena shainorduithe.

5. Soláthróidh stór trádála rochtain don Údarás Baincéireachta Eorpach, don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach ar na sonraí idirbhirt uile maidir le díorthaigh.

6. Soláthróidh stór trádála rochtain don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ar na sonraí idirbhirt uile maidir le díorthaigh i gcás inar lamháltais fuinnimh nó astaíochta é an t- ábhar is bunús leis na díorthaigh.

7. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás a mhaoirsíonn ionaid trádála ar na sonraí idirbhirt uile maidir le díorthaigh arna bhforghníomhú ar na hionaid trádála sin.

8. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás maoirseachta arna ainmniú de bhun Airteagal 4 de Threoir 2004/25/CE ar na sonraí idirbhirt uile maidir le díorthaigh i gcás inar urrús é an t- ábhar is bunús leis na díorthaigh arna eisiúint ag cuideachta a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ligtear an chuideachta isteach chun críoch trádála ar mhargadh rialaithe atá bunaithe laistigh de Bhallstát an údaráis sin agus tagann na tairiscintí táthcheangail ar urrúis na cuideachta sin faoi dhualgais agus faoi shainorduithe maoirseachta an údaráis sin;

(b) tá a hoifig chláraithe nó a ceannoifig ag an gcuideachta i mBallstát an údaráis sin agus tagann na tairiscintí táthcheangail ar urrúis na cuideachta sin faoi dhualgais agus faoi shainorduithe maoirseachta an údaráis sin;

(c) tá an chuideachta ina tairgeoir mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (c), de Threoir 2004/25/CE le haghaidh na gcuideachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) sa mhír seo agus áirítear leis an gcomaoin a thairgeann sé urrúis.

9. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás, dá dtagraítear in Airteagal 81(3), pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha i gcomhair margaí, conarthaí, sócmhainní foluiteacha, tagarmharcanna agus contrapháirtithe a thagann faoi dhualgais agus faoi shainorduithe maoirseachta an údaráis sin.

10. Soláthróidh stór trádála rochtain ar na sonraí a leanas don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) agus do chomhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), arb é euro airgeadra an Bhallstáit:

(a) na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha i gceann de na cásanna a leanas:

(i) i gcás ina mbunaítear eintiteas tagartha na hionstraime díorthaí laistigh de Bhallstát, arb é euro airgeadra an Bhallstáit sin, agus i gcás ina dtagann sé faoi dhualgais agus faoi shainorduithe maoirseachta an chomhalta CEBC sin;

(ii) i gcás ina bhfuil an oibleagáid tagartha ina fiachas ceannasach ag Ballstát, arb é euro airgeadra an Bhallstáit sin;

(b) sonraí suímh le haghaidh ionstraimí díorthacha in euro.

11. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás, a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus a dhéanann faireachán ar rioscaí sistéamacha ar chobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro agus arb é euro airgeadra a Bhallstáit, lena n- áirítear BCE, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna dtabhairt i gcrích i ndáil le hionaid trádála nó arna dtabhairt i gcrích ag contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) agus contrapháirtithe a thagann faoi dhualgais agus faoi shainorduithe an údaráis sin agus faireachán á dhéanamh ar rioscaí sistéamacha ar chobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro.

12. Soláthróidh stór trádála rochtain ar na sonraí a leanas do chomhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), nach é euro airgeadra a Bhallstáit:

(a) na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha i gceann de na cásanna a leanas:

(i) i gcás ina mbunaítear eintiteas tagartha na hionstraime díorthaí laistigh de Bhallstát an chomhalta CEBC sin agus i gcás ina dtagann an t- eintiteas sin faoi dhualgais agus faoi shainorduithe maoirseachta an chomhalta CEBC sin;

(ii) i gcás ina bhfuil an oibleagáid tagartha ina fiachas ceannasach ag Ballstát an chomhalta CEBC sin;

(b) sonraí suímh le haghaidh ionstraimí díorthacha san airgeadra a eisíonn an comhalta CEBC sin.

13. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás, a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus a dhéanann faireachán ar rioscaí sistéamacha ar chobhsaíocht airgeadais, agus nach é euro airgeadra a Bhallstáit, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna dtabhairt i gcrích i ndáil le hionaid trádála nó arna dtabhairt i gcrích ag CPLanna agus contrapháirtithe a thagann faoi dhualgais agus sainorduithe an údaráis sin agus faireachán á dhéanamh ar rioscaí sistéamacha ar chobhsaíocht airgeadais i mBallstát nach é euro a airgeadra.

14. Soláthróidh stór trádála rochtain do BCE, nuair a dhéanfaidh BCE a chuid cúraimí laistigh den sásra maoirseachta aonair faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013*** ón gComhairle, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna dtabhairt i gcrích ag contrapháirtithe atá faoi réir mhaoirseacht BCE de bhun an Rialacháin sin laistigh den sásra maoirseachta aonair.

15. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás inniúil, a liostaítear in Airteagal 81(3), pointí (o) agus (p), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna dtabhairt i gcrích ag contrapháirtithe a thagann faoi dhualgais agus faoi shainorduithe an údaráis sin.

16. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás réitigh, dá dtagraítear in Airteagal 81(3), pointe (m), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna dtabhairt i gcrích ag contrapháirtithe a thagann faoi dhualgais agus faoi shainorduithe an údaráis sin.

17. Soláthróidh stór trádála rochtain don Bhord Réitigh Aonair (BRA), ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna dtabhairt i gcrích ag contrapháirtithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****.

18. Soláthróidh stór trádála rochtain d'údarás a dhéanann maoirseacht ar chontrapháirtí lárnach (CPL), agus don chomhalta ábhartha CEBC eile a dhéanann maoirseacht ar an gcontrapháirtí lárnach sin, i gcás inarb infheidhme, ar na sonraí ar fad maidir le hidirbhearta i ndáil le hionstraimí díorthacha arna n- imréiteach ag an gcontrapháirtí lárnach sin.

---

* [Cuir isteach an teideal iomlán agus an tagairt IO]

** [Cuir isteach an teideal iomlán agus an tagairt IO]

*** Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

**** Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).';

(2) in Airteagal 3, cuirtear mír 3 seo a leanas leis:

'3. I ndáil le húdarás ábhartha tríú tír ar ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina leith a chinneann go gcomhlíonann an creat dlíthiúil na

coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 76a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, soláthróidh stór trádála rochtain ar na sonraí, agus sainorduithe agus dualgais údarás an tríú tír á gcur san áireamh.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*

***Rochtain ar mhionsonraí na n- ionstraimí díorthacha a chur ar bun***

1. Déanfaidh stór trádála na cúraimí seo a leanas:

(a) duine nó daoine a ainmniú a bheidh freagrach as teagmháil a dhéanamh leis na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(b) na treoracha atá le leanúint ag na heintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) 648/2012 a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin chun rochtain ar mhionsonraí na sonraí maidir le hidirbhearta ar ionstraimí díorthacha a iarraidh;

(c) foirm dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a sholáthar d'eintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) 648/2012;

(d) rochtain ar mhionsonraí ar shonraí maidir le hidirbhearta ar ionstraimí díorthacha le haghaidh na n- eintiteas a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) 648/2012 a chur ar bun, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar san fhoirm dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

(e) na socruithe teicniúla is gá do na heintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) 648/2012 chun rochtain a fháil ar mhionsonraí na sonraí maidir le hidirbhearta ar ionstraimí díorthacha a chur ar bun i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo;

(f) rochtain dhíreach láithreach a sholáthar do na heintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) 648/2012 ar mhionsonraí na n- ionstraimí díorthacha laistigh de 30 lá féilire tar éis don eintiteas sin iarraidh a chur isteach le haghaidh rochtain den sórt sin a chur ar bun.

2. Iarrfaidh an t- eintiteas a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) 648/2012 rochtain ar mhionsonraí na n- ionstraimí díorthacha ag úsáid foirm a d'fhorbair agus a chuir stór trádála ar fáil agus an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad á sonrú:

(a) ainm an eintitis;

(b) an teagmhálaí ag an eintiteas;

(c) dualgais agus sainorduithe dlíthiúla an eintitis;

(d) dintiúir le haghaidh nasc slán SSH FTP;

(e) aon fhaisnéis theicniúil eile a bhaineann le rochtain an eintitis ar mhionsonraí na n- ionstraimí díorthacha;

(f) cé acu atá nó nach bhfuil an t- eintiteas inniúil do chontrapháirtithe ina Bhallstát, sa limistéar euro nó san Aontas;

(g) na cineálacha contrapháirtithe dá mbíonn an t- eintiteas inniúil i gcomhréir leis an aicmiú i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*]*;

(h) cineálacha sócmhainní foluiteacha le haghaidh ionstraimí díorthacha dá mbíonn an t- eintiteas inniúil;

(i) na hionaid trádála a bhfuil maoirseacht á déanamh ag an eintiteas orthu, más ann dóibh;

(j) na CPLanna a bhfuil maoirsiú nó maoirseacht á déanamh ag an eintiteas orthu, más ann dóibh;

(k) an t- airgeadra arna eisiúint ag an eintiteas, más ann dó;

(l) pointí seachadta agus idirnaisc;

(m) na tagarmharcanna a úsáidtear san Aontas, agus an riarthóir a bhaineann leo atá faoi mhaoirsiú an eintitis;

(n) sainghnéithe na sócmhainní foluiteacha a bhfuil maoirsiú á dhéanamh ag an eintiteas orthu;

(o) sainghnéithe na bpáirtithe dá dtagraítear i réimsí 16 'Comhalta imréitigh', 15 'Bróicéir' i dTábla 1 agus i réimse 142 'Eintiteas tagartha' i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*] a bhfuil maoirsiú á dhéanamh ag an eintiteas orthu, más ann dóibh

---

* [an teideal iomlán agus an tagairt IO.]';

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) scriostar mír 4;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Bunóidh stór trádála aon socrú teicniúil is gá, agus coinneoidh sé ar bun iad, chun é a chur ar a chumas do na heintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 iarrataí tréimhsiúla réamhshonraithe ar rochtain ar mhionsonraí ionstraimí díorthacha a shuí, mar a chinntear in Airteagail 2 agus 3 den Rialachán seo, cinn atá riachtanach ionas go mbeidh na heintitis sin in ann a gcuid dualgas agus sainorduithe a chomhlíonadh';

(c) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:

'6. Arna iarraidh sin, soláthróidh stór trádála rochtain d'eintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar mhionsonraí ionstraimí díorthacha de réir aon mheascán de na réimsí a leanas dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*]:

(a) stampa ama tuairiscithe;

(b) contrapháirtí 1;

(c) contrapháirtí 2;

(d) an t- eintiteas atá freagrach as tuairisciú;

(e) earnáil chorparáideach chontrapháirtí 1;

(f) cineál chontrapháirtí 1;

(g) aitheantas bróicéara;

(h) tuarascáil a thugann aitheantas an eintitis;

(i) cineál sócmhainní;

(j) aicmiú táirge;

(k) cineál conartha;

(l) ISIN;

(m) Aitheantóir Táirge Uathúil;

(n) aitheantas foluiteach;

(o) ionad an fhorghníomhaithe;

(p) stampa ama an fhorghníomhaithe;

(q) dáta éifeachtach;

(r) stampa ama luachála;

(s) dáta éaga;

(t) dáta foirceanta luaith;

(u) CPL;

(v) comhalta imréitigh;

(w) leibhéal;

(x) cineál gníomhaíochta;

(y) cineál teagmhais';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Bunóidh stór trádála an cumas teicniúil, agus coinneoidh sé ar bun é, chun rochtain dhíreach láithreach ar mhionsonraí ionstraimí díorthacha is gá a sholáthar do na heintitis a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun a gcuid dualgas agus sainorduithe a chomhlíonadh. Soláthrófar an rochtain sin mar a leanas:

(a) i gcás ina n- iarrann eintiteas a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 rochtain ar mhionsonraí ionstraimí díorthacha gan íoc nó ionstraimí díorthacha atá aibí nó dá ndearnadh tuarascálacha ina bhfuil cineálacha gníomhaíochta 'Earráid', 'Foirceannadh' nó 'Comhpháirt Suímh', dá dtagraítear i réimse 151 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*] nó a bhí faoi réir tuarascála ina bhfuil cineál gníomhaíochta 'Athbheochan' nach dtagann tuarascáil ina bhfuil cineálacha gníomhaíochta 'Earráid' nó 'Foirceannadh' ina dhiaidh tráth nach mó ná bliain amháin roimh an dáta ar a ndearnadh an iarraidh, comhlíonfaidh stór trádála an iarraidh sin tráth nach déanaí ná 12:00 Am Uilíoch Lárnach ar an gcéad lá féilire tar éis an lá a chuirtear an iarraidh ar rochtain isteach;

(b) i gcás ina n- iarrann eintiteas a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 rochtain ar mhionsonraí ionstraimí díorthacha atá aibí nó dá ndearnadh tuarascálacha ina bhfuil cineálacha gníomhaíochta ‘Earráid’, ‘Foirceannadh’ nó ‘Comhpháirt Suímh’, dá dtagraítear i réimse 151 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*] nó a bhí faoi réir tuarascála ina bhfuil cineál gníomhaíochta ‘Athbheochan’ nach dtagann tuarascáil ina bhfuil cineálacha gníomhaíochta ‘Earráid’ nó ‘Foirceannadh’ ina dhiaidh breis agus bliain amháin roimh an dáta ar a ndearnadh an iarraidh, comhlíonfaidh stór trádála an iarraidh sin tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis an lá a chuirtear an iarraidh ar rochtain isteach;

(c) i gcás ina mbaineann iarraidh ar rochtain ar shonraí ó eintiteas a liostaítear in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 le hionstraimí díorthacha a thagann faoi phointí (a) agus (b) den mhír seo, soláthróidh an stór trádála mionsonraí na n- ionstraimí díorthacha sin tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis an lá a chuirtear an iarraidh ar rochtain isteach.’.

*Airteagal 2*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(4), pointí (c) agus (d) ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta an chéad Luain i ndiaidh an dáta atá cothrom le 18 mí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*